# 2 Fiachas Rialtais


**2.1** Is iad ioncaim ó chánachas agus ó mhuirir eile príomhfhoinse cistiúcháin an Stáit. Is iomaí iasacht atá tógtha amach ag an Stát chomh maith d'fhonn an bhearna idir a ioncam agus a chaiteachas a shárú. Sa tuarascáil seo, tugtar breac-chuntas ar threocht agus ar chomhdhéanamh an fhiachais rialtais agus ar an gcostas atá ar fhónamh don fhiachas sin.

## Ollfhiachas Rialtais

**2.2** Is é an t-ollfhiachas rialtais an slat tomhais is cuimsithí ar fhiachas stáit. Slat tomhais caighdeánaithe idirnáisiúnta atá ann agus tá sé de cheangal dlí ar thíortha ar fad an AE é a úsáid sa tuairisciú a dhéanann siad faoi dhó sa bhliain faoi Chonradh Maastricht. Sainmhínítear an tOllfhiachas Rialtais i rialacháin an AE mar an t-ollfhiachas iomlán ar luach ainmniúil atá amuigh ag deireadh na bliana don earnáil rialtais ghinearálta chomhdhlúite — is é sin, an t-ollfhiachas iomlán atá dlite ag gach comhlacht rialtais do thríú páirtithe lasmuigh den rialtas.[1] Ní áirítear fiachas atá ag comhlacht rialtais amháin ar chomhlacht rialtais eile san Ollfhiachas Rialtais. In Éirinn, cuimsítear formhór na gcomhlachtaí earnála poiblí san earnáil rialtais ghinearálta, ach ní chuimsítear inti bainc faoi úinéireacht phoiblí, NAMA Investment CGA, ná na cuideachtaí Stáit sin arna bhfeidhmiú ar bhonn tráchtála a chlúdaíonn formhór a gcostas oibriúcháin trí dhíolacháin.[2]

**2.3** Measann an Phríomh-Oifig Staidrimh gurbh é €200.6 billiún ollfhiachas rialtais na hÉireann ag deireadh 2016, beagán ní ba lú ná an figiúr ag deireadh 2015 (féach Fíor 2.1).

**Fíor 2.1 Treocht san Ollfhiachas Rialtais, 2011 go 2016**




Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh. Féach Iarscríbhinn 2A, Fíor 2A.1 le tuilleadh sonraí a fháil

1 Go sonrach, sainmhínítear Ollfhiachas Rialtais mar dhliteanais chomhdhlúite na hearnála rialtais ghinearálta sna catagóirí seo a leanas i gCóras Eorpach na gCuntas (ESA2010): airgeadra agus taiscí; urrúis fiachais; agus iasachtaí.

2 Foilsíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh clár de na comhlachtaí earnála poiblí atá san áireamh san Ollfhiachas Rialtais.

**2.4** Slat tomhais caighdeánach ar inbhuanaitheacht fiachais is ea an cóimheas idir an tOllfhiachas Rialtais agus an Olltáirgeacht Intíre (OTI), a úsáidtear ar fud an AE le cur i gcomparáid a éascú.[1] Ag deireadh 2016, bá é 73% ollfhiachas rialtais na hÉireann mar chion den OTI, laghdú ón mbuaicphointe 120% ag deireadh 2012 (féach Fíor 2.2).

**2.5** Is é an méadú ar OTI seachas an laghdú ar an bhfiachas ainmniúil atá taobh thiar den laghdú ar an gcóimheas Ollfhiachais Rialtais is OTI ó 2013 i leith. Thit leibhéal ainmniúil an Ollfhiachais Rialtais 6.8% idir 2013 agus 2016; tháinig méadú beagnach 53% ar leibhéal ainmniúil OTI le himeacht na tréimhse céanna, de bharr méadú thar na bearta in 2015 thar aon ní eile. Gníomhaíochtaí líon beag gnólachtaí móra ilnáisiúnta a bhí taobh thiar den mhéadú mór ar OTI in 2015, agus tharla sé sin toisc gur athlonnaigh líon teoranta mór-oibreoirí eacnamaíochta go hÉirinn.

**2.6** Léiríonn comparáid a rinneadh idir Ollfhiachas Rialtais mar chion de OTI i 28 ballstáit an Aontais Eorpaigh ag deireadh 2016 go raibh an cóimheas Ollfhiachais Rialtais agus OTI níos airde in 12 bhallstát eile ná in Éirinn. Is sa Ghréig a bhí an cóimheas is airde (179%) (féach Iarscríbhinn 2B).


### *Táscairí eacnamaíocha eile*

**2.7** Cé gurb é OTI an táscaire a úsáidtear le feidhmíocht na hÉireann a thomhas i leith spriocanna fiachais an AE, tá tomhais eile molta toisc go bhfuil sé chomh deacair sin bun nó barr a dhéanamh de ghníomhaíocht gheilleagrach chasta i ngeilleagair ard-domhandaithe leis na gnáth-tháscairí. Mhol an Grúpa Athbhreithnithe um Staitisticí Eacnamaíocha (GASE), arna thionól ag an bPríomh-Oifig Staidrimh i mí Mheán Fómhair 2016, gur chóir táscaire nua darb ainm OIN* a fhorbairt.

### *OIN**

**2.8** Tugann an Phríomh-Oifig Staidrimh sainmhíniú ar an OIN* mar 'an t-ollioncam náisiúnta arna choigeartú do bhrabúis gnólachtaí eachtracha, do dhímheas ar iompórtálacha maoine intleachtúla a bhaineann le taighde agus forbairt agus do léasú aerárthaí'.[2] Thuairiscigh an Phríomh-Oifig Staidrimh an táscaire OIN* den chéad uair i mí Iúil 2017, don tréimhse ó 1995 go 2016.[3] Measadh go raibh an OIN* i bhfad ní ba lú na an OTI. Mar thoradh air sin, tá an cóimheas Ollfhiachais Rialtais is OIN* i bhfad níos airde ná an cóimheas Ollfhiachais Rialtais is OTI. Ba é 158% an cóimheas Ollfhiachais Rialtais is OIN* ab airde riamh agus taifeadadh in 2012 é. Bhí sé tar éis titim go 106% faoi 2016 (féach Fíor 2.2).

**Fíor 2.2 Ollfhiachas Rialtais mar chion de OTI agus de OIN*, 2011 go 2016**




Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

1 Tá sa Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis sraith rialacha atá ceaptha a chinntiú go gcloíonn tíortha an AE le prionsabail an dea-airgeadais phoiblí agus go gcomhordaíonn a mbeartais fhioscacha. De réir an Chomhshocraithe, ní ceadmhach do thíortha an AE cóimheas Ollfhiachais Rialtais is OTI atá níos mó ná 60% a bheith acu, nó má tá an leibhéal fiachais níos mó ná 60%, ní mór dóibh an cóimheas a laghdú chuig 60% de réir a chéile.

2 Tá breac-chuntas tugtha ar dhíorthú an OIN* in Iarscríbhinn 2C.

3 Foilsiú de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh, Iúil 2017, *Cuntais Náisiúnta Ráithiúla.* Tá léirithe in Iarscríbhinn 2C na coigeartuithe a rinne an Phríomh-Oifig Staidrimh le haistriú ó OTI chuig OIN* don tréimhse 2011 go 2016.

### *Táscairí inbhuanaitheachta fiachais eile*


**2.9** In Éirinn amháin a úsáidtear an OIN* mar tháscaire. Is féidir roinnt tomhais eile, atá caighdeánaithe i mballstáit an AE, a úsáid le hinbhuanaitheacht ualach fiachais na hÉireann a mheas chomh maith. Ina measc siúd tá:

- an cóimheas Ollfhiachais Rialtais is Ollioncaim Rialtais, agus
- an t-Oll-ús Rialtais mar chion den Ollioncam Rialtais.

**2.10** Tomhas caighdeánaithe is ea an tOllioncam Rialtais a thiomsaítear de réir na sonraíochtaí in ESA2010.[1] Measadh gurbh é €72.6 billiún Ollioncam Rialtais na hÉireann in 2016.[2] Ba é 276% Ollfhiachas Rialtais na hÉireann ag deireadh 2016 mar chion den Ollioncam Rialtais, tar éis dó buaic 353% a bhaint amach in 2012 (féach Fíor 2.3). In 2016 ní raibh an cóimheas Ollfhiachais Rialtais is Ollioncaim Rialtais ní b'airde ná Éire ach i dtrí bhallstát den AE – an Ghréig, an Phortaingéil agus an Iodáil (féach Iarscríbhinn 2B).[3]

**2.11** Tomhas caighdeánaithe ar an ús ar fhiachas rialtais is ea an tOll-ús Rialtais.[4] Ríomhtar ar bhonn fabhruithe é agus tá san áireamh ann ús a bhaineann leis an earnáil rialtais ar fad agus roinnt coigeartuithe a éilítear faoi chreat ESA2010. Bhain an cion den Ollioncam Rialtais a bhí ag teastáil leis an Oll-ús Rialtais a íoc buaic 12.6% amach in 2013, rud a laghdaigh go dtí 8.5% in 2016 (féach Fíor 2.3). In 2016 ní raibh an cóimheas Oll-úis Rialtais is Ollioncaim Rialtais ní b'airde ná Éire ach in aon bhallstát amháin den AE (an Phortaingéil, 9.8%) (féach Iarscríbhinn 2B).

**Fíor 2.3 Ollfhiachas Rialtais mar chion d'Ollioncam Rialtais agus Oll-ús Rialtais mar chion den chóimheas Ollioncaim Rialtais, Éire, 2011 go 2016**




Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Féach Iarscríbhinn 2D, Fíor 2D.5 agus Fíor 2D.6. le tuilleadh sonraí a fháil.

1 Tugtar sainmhíniú ar an Ollioncam Rialtais in ESA 2010 mar shuim na gcánacha, na nglan-ranníocaíochtaí sóisialta, na ndíolachán (.i. aschur margaidh, aschur chun críche d'úsáide féin agus íocaíochtaí as táirgeadh neamh-mhargaidh), na n-ioncam reatha eile agus na n-ioncam aistrithe caipitil.


2 *Staitisticí Airgeadais an Rialtais*, Iúil 2017, an Phríomh-Oifig Staidrimh.

3 Bhí an ráta céanna ag an gCipir.

4 Níl Oll-ús Rialtais mar an gcéanna leis an ús a íocann GBCN ar an bhfiachas náisiúnta.

**2.12** Bhí na meánrátaí úis measta ar Ollfhiachas Rialtais a thabhaigh ballstáit an Aontais Eorpaigh in 2016 idir 0.8% (an Eastóin) agus 4.4% (an Ungáir).[1] Ba é 3.1% ráta úis measta na hÉireann, tar éis dó titim ó 3.7% in 2013. Tá léirithe i bhFíor 2.4 na rátaí úis measta le haghaidh gach tíre, chomh maith lena gcóimheas Ollfhiachais Rialtais is Ollioncaim Rialtais agus an treocht cúig bliana d'Éirinn.

**Fíor 2.4 Meánrátaí úis measta ar Ollfhiachas Rialtais, agus ar Ollfhiachas Rialtais:Ollioncam Rialtais. Ballstáit an Aontais Eorpaigh 2016, agus Éire 2012 go 2016**




| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **AT** | An Ostair | **EE** | An Eastóin | **IE** | Éire | **PL** | An Pholainn |
| **BE** | An Bheilg | **EL** | An Ghréig | **IT** | An Iodáil | **PT** | An Phortaingéil |
| **BG** | An Bhulgáir | **ES** | An Spáinn | **LV** | An Laitvia | **RO** | An Rómáin |
| **CY** | An Chipir | **FI** | An Fhionlainn | **LT** | An Liotuáin | **SI** | An tSlóivéin |
| **CZ** | Poblacht na Seice | **FR** | An Fhrainc | **LU** | Lucsamburg | **SK** | Poblacht na Slóvaice |
| **DE** | An Ghearmáin | **HR** | An Chróit | **MT** | Málta | **SE** | An tSualainn |
| **DK** | An Danmhairg | **HU** | An Ungáir | **NL** | An Ísiltír | **GB** | An Ríocht Aontaithe |

Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Féach Iarscríbhinn 2B chun tuilleadh sonraí a fháil.

Nóta: a Leagtar síos sa Chomhaontú Cobhsaíochta agus Fáis nár chóir don chóimheas Ollfhiachais Rialtais is OTI a bheith níos mó ná 60%.


1 Oll-ús Rialtais do 2016, arna roinnt ar an meán-Ollfhiachas Rialtais tosaigh agus deiridh le haghaidh gach tíre. Ní fhoilsíonn Eurostat rátaí úis measta le haghaidh gach tíre.

## Comhdhéanamh an Ollfhiachais Náisiúnta

**2.13** Tá an tOllfhiachas Náisiúnta ar an gcomhpháirt is mó d'Ollfhiachas Rialtais na hÉireann. Fiachas atá ann a eascraíonn as iasachtaí Státchiste arna ndéanamh ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN).

**2.14** Ba é €196.7 billiún an t-ollfhiachas náisiúnta ag deireadh 2016, rud a léiríonn méadú imeallach i gcomparáid le 2015 (Fíor 2.5). Bhí méadú €11.5 billiún tagtha ar an ollfhiachas náisiúnta faoi dheireadh mí an Mheithimh 2017, .i. €208.2 billiún ar an iomlán.[1] Chuir GBCN in iúl go raibh eisiúint bannaí de luach €9.5 billiún — an chéad bhanna boilsciú-nasctha ina measc — agus méadú beagán ní bá lú ná €4 billiún ar fhiachas gearrthéarmach taobh thiar de sin go príomha. Rinne laghdú €2 bhilliún ar luach na mbannaí ráta chomhlúthaigh a bhí fós amuigh cúiteamh páirteach air sin.

**Fíor 2.5 Ollfhiachas Náisiúnta ag parluachanna infhuascailte, 2011 go 2016 (deireadh bliana) agus ag deireadh mhí an Mheithimh 2017**




Foinse: Iarscríbhinn 2D, Fíor 2D.1.

### *Fiachas gearrthéarmach*

**2.15** Is éard is fiachas gearrthéarmach ann ná fiachas a bhfuil aibíocht níos lú ná aon bhliain amháin i gceist leis tráth a eisiúna. Is é a bhí i gceist le €3.4 billiún den ollfhiachas náisiúnta ag deireadh na bliana 2016 i gcomparáid le €2.3 billiún ag deireadh 2015 (Iarscríbhinn 2D, Fíor 2D.4).[2] Úsáidtear ionstraimí gearrthéarmacha chun leachtacht agus solúbthacht a sholáthar in uainiú oibríochtaí cistiúcháin fadtéarmacha.

**2.16** Is iad nótaí Státchiste, billí Státchiste, an Clár Eorapháipéir Tráchtála agus nóta Státchiste láir na príomhchineálacha iasachta gearrthéarmaí. Reáchtáladh ceithre cheant billí Státchiste le linn 2016, gach ceann acu a chruinnigh €0.5 billiún. Bhí luach €1 billiún de bhillí státchiste amuigh ag deireadh 2016. Díoltar nótaí státchiste agus Eorapháipéar tráchtála ar bhonn fiosruithe droim ar ais.

### *Fiachas meántéarmach agus fadtéarmach*

**2.17** Fiachas meántéarmach agus fadtéarmach a bhí in 88% (€174 billiún) den ollfhiachas náisiúnta ag deireadh 2016. Cuimsíodh ann go príomha iasachtaí i bhfoirm bannaí rialtais, agus iasachtaí a fuarthas faoi Chlár Tacaíochta Airgeadais an Aontais Eorpaigh/an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta d'Éirinn. Ag deireadh 2017, is ar rátaí seasta a bhí thart ar 94% den ollfhiachas náisiúnta, díorthaigh fálaithe riosca ráta úis san áireamh.[3] Is ar rátaí úis comhlúthacha a bhí an chuid eile den fhiachas.

1 Níl iniúchadh déanta ar fhigiúirí dheireadh mhí an Mheithimh 2017.

2 Ní áirítear leis seo iasachtaí arna ndéanamh ag CBCN ó chistí eile an Stáit, mar shampla iarmhéideanna thar oíche.

3 Áirítear le fiachas ar ráta seasta freisin iasachtaí ón Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSF) a íocadh amach mar chuid de shásra cistiúcháin chomhthiomsaithe EFSF. Baineann costas na n-iasachtaí comhthiomsaithe sin ó EFSF le costas cistí EFSF maidir leis an gciste a bhainistiú agus d'fhéadfadh athrú teacht air ó am go ham.

### *Bannaí státchiste ar ráta seasta*

**2.18** As na bannaí rialtais €121.6 billiún a bhí gan íoc ag deireadh 2016, bannaí státchiste ar ráta seasta a bhí in €101.4 billiún nó 83% díobh. Áirítear na hidirbhearta suntasacha seo a leanas sa €8.25 billiún (luach ainmniúil) a chruinnigh GBCN ar mhargadh na mbannaí i rith 2016[1]

- Cruinníodh €3 bhilliún in Eanáir ó dhíol sindeacáite banna tagarmharcála nua deich mbliana, ar thoradh 1.16%
- Cruinníodh €5.25 billiún nuair a díoladh tráinsí de bhannaí Státchiste 2022, 2026 agus 2030 ag ceantanna sceidealaithe – bhí raon na dtorthaí idir 1% sa cheant i gcomhair Bhanna 2026 i mí Feabhra agus 0.16% i sa cheant i gcomhair Bhanna 2022 i mí na Bealtaine.

**2.19** I mí Aibreáin 2016, d'eisigh GBCN an chéad nóta 100 bliain riamh in Éirinn. Díoladh luach €100 milliún den nóta ar thoradh 2.35%. I mí Aibreáin 2017, d'eisigh sé an chéad bhanna boilsciú-nasctha riamh in Éirinn, rud ar cruinníodh €609.5 milliún mar thoradh air.[2]

### *Clár Tacaíochta Airgeadais an Aontais Eorpaigh/an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta*

**2.20** Bhí foráil i gclár tacaíochta an Aontais Eorpaigh/an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta d'Éirinn do mhaoiniú iasachta ó shaoráidí iasachta an Aontais Eorpaigh (AE) agus ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI), agus d'iasachtaí déthaobhacha ón Ríocht Aontaithe, ón tSualainn agus ón Danmhairg. Ba é €50.3 billiún iarmhéid iomlán na hiasachta ón AE/CAI a bhí gan íoc ag deireadh 2016.[3]

### *Bannaí rialtais ráta chomhlúthaigh*

**2.21** I rith 2016, rinne GBCN luach €3 bhilliún de bhannaí ráta chomhlúthaigh 2041 agus 2043 a cheannach ar ais ón mBanc Ceannais agus a chur ar cheal, rud a laghdaigh an t-iarmhéid iomlán a bhí amuigh go €19.5 billiún. D'íoc GBCN €4.4 billiún as na bannaí mar thoradh ar an méadú atá tagtha ar a luach margaidh ó eisíodh iad. Idir mí Eanáir agus mí an Mheithimh 2017, rinne GBCN luach €2 bhilliún sa bhreis de nótaí ráta chomhlúthaigh 2043 agus 2045 a cheannach ar ais agus a chur ar ceal ar chostas €2.9 billiún. Tugann an Banc Ceannais an chuid is mó den bharrachas a thuilleann ó dhiúscairt na mbannaí sin ar ais don Státchiste agus coinníonn an fuílleach mar chúlchistí.[4]

### ***Próifíl aibíochta an fhiachais***

**2.22** Tá léirithe i bhFíor 2.6 próifíl aibíochta na mbannaí rialtais agus an fhiachais faoi chlár an AE/CAI (de luach iomlán €179 billiún) ag deireadh mhí an Mheithimh 2017. Tá luach €48 billiún de bhannaí rialtais le teacht in aibíocht idir 2017 agus 2020 agus caithfear iad a athmhaoiniú.[5]

1 Ní áirítear leis an bhfigiúr seo cistiúchán arna chruinniú i gceantanna neamhiomaíocha.


2 Eisíodh idir an nóta 100 bliain agus an banna boilsciú-nasctha trí chlár nótaí euro meántéarmacha na hÉireann.

3 Tá san áireamh san fhigiúr seo tionchar na n-ionstraimí fálaithe.

4 Tá plé déanta air seo freisin i gCaibidil 3, *Costas na mBeart Cobhsaithe Baincéireachta amhail ag deireadh 2016.*

5 Tá luach €3.9 billiún d'iasachtaí ón Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSM) le teacht in aibíocht le linn na tréimhse céanna. Bíodh sin mar atá, ní mheastar go mbeidh ar Éirinn aon cheann de na hiasachtaí sin a athmhaoiniú roimh 2027.

**Fíor 2.6 Próifíl aibíochta na mbannaí rialtais agus an mhaoinithe faoi chlár an AE/CAI a bhí i seilbh ag deireadh mhí an Mheithimh 2017[a]**




Foinse: Iarscríbhinn 2D, Fíor 2D.2 agus Fíor 2D.3.

Nótaí: a Tá tionchar idirbheart fálaithe airgeadra curtha san áireamh in iarmhéideanna a bhaineann le clár an AE/CAI nuair is ábhartha. Tá síntí aibíochta i leith na n-iasachtaí EFSM a aontaíodh in 2013 léirithe sa ghraf, agus cinnfear dátaí aibíochta athbhreithnithe eile de réir mar a thiocfaidh iasachtaí eile EFSM gar dá ndátaí aibíochta bunaidh. Ní mheastar go mbeidh ar Éirinn aon cheann de na hiasachtaí sin a athmhaoiniú roimh 2027.


b Tá bannaí amúchta agus boilsciú-nasctha (atá le teacht in aibíocht in 2040) san áireamh san fhigiúr seo.

### *Iarmhéideanna airgid an Státchiste*

**2.23** Bhí €8.4 billiún d'airgead tirim i gcuntas an Státchiste amhail ag deireadh 2016. Bhí méadú €13.1 billiún tagtha ar an iarmhéid sin (go €21.5 billiún) faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2017 mar thoradh ar thús-ualú eisiúna beartaithe bannaí agus ar bharrachas sa Státchiste don chéad sé mhí de 2017 (féach Fíor 2.7).

**2.24** Ó mhí an Mheithimh 2014, tar éis chinneadh an Bhainc Ceannais Eorpaigh, déantar luach saothair gach taisce Rialtais atá i seilbh an Bhainc Ceannais a íoc ar bhonn nialas faoin gcéad nó ar ráta na saoráide taisce, cibé acu is ísle.[1] Laghdaigh an ráta taisce diaidh ar ndiaidh ó nialas i mí an Mheithimh 2014 go dtí lúide 0.4% i mí an Mhárta 2016. D'íoc GBCN €32.4 billiún d'ús diúltach leis an mBanc Ceannais in 2016 (2015: €11.9 milliún).

**Fíor 2.7 Comhdhéanamh airgid thirim agus ionstraimí airgeadais eile, ag deireadh 2016 agus ag deireadh mhí an Mheithimh 2017[a]**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a Níl iniúchadh déanta ar na figiúirí do dheireadh mhí an Mheithimh 2017.


b Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann.

1 Baineann sé seo le taiscí rialtais arb airde iad ná €200 milliún nó 0.04% den OTI, cibé acu is airde.

## Costais fónaimh den Ollfhiachais Náisiúnta

**2.25** Ba é díreach os cionn €6.8 billiún costas an fhónaimh d'fhiachas a nochtadh i gcuntais GBCN do 2016 nuair a thomhaistear ar bhonn airgid é, laghdú 4% bliain ar bhliain (féach Fíor 2.8). Tá sé sin glan ar ús €57 milliún agus ar ioncam eile, agus áirítear leis €104 milliún de tháillí agus costais.

**Fíor 2.8 Costais an fhónaimh d'fhiachas agus íocaíochtaí ciste fiachmhúchta, 2011 go 2016 (bonn airgid)**





Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a Cuireadh deireadh leis an íocaíocht ciste fiachmhúchta ó 2015 de réir Alt 99 den Acht Airgeadais, 2014. D'úsáidtí é sin roimhe sin chun an fiachas a aisíoc.

### *Meánchostas iasachtaíochta 2011 go 2016*

**2.26** Ag deireadh 2016, measadh gurbh é 3.2% (deireadh 2015: 3.5%) an meánchostas fónaimh ualaithe foriomlán don ollfhiachas náisiúnta, mar atá léirithe i bhFíor 2.9. Measann GBCN go raibh an meánchostas fónaimh ualaithe foriomlán don ollfhiachas náisiúnta tar éis titim go dtí 3% faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2017.

**Fíor 2.9 Meánchostas ualaithe (WAC) na n-iasachtaí, 2011 go 2016**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

### *Banna rialtais atá le teacht in aibíocht idir 2017 agus 2020*

**2.27** Tá bannaí rialtais de luach ainmniúil €48 billiún le teacht in aibíocht le linn na tréimhse 2017 go 2020. Bíonn an cúpón bliantúil ar na bannaí sin idir 4.4% agus 5.9%, agus is é 4.9% a meánchostas ualaithe. Imreodh gach athrú 1% ar an meánchostas ualaithe tráth a n-athmhaoineofar na bannaí tionchar €0.5 billiún sa bhliain ar an gcostas fónaimh don fhiachais. B'ionann é sin agus tionchar thart ar 0.25% ar an meánchostas fónaimh ualaithe comhiomlán don ollfhiachas náisiúnta iomlán.

## Conclúidí

### *Táscairí ualaigh fiachais*

**2.28** Úsáidtear an cóimheas Ollfhiachais Rialtais is OTI le hualach fiachais bhallstáit an Aontais Eorpaigh a thomhas. Idir 2012 agus 2016, thit cóimheas Ollfhiachais Rialtais is OTI na hÉireann ó 120% go 73%. Is é 60% an tagarmharc a leagtar síos sa Chomhaontú Cobhsaíochta agus Fáis. Bhí cóimheas Ollfhiachais Rialtais is OTI níos airde ná Éire ag 12 bhallstát den Aontas Eorpach ag deireadh 2016.

**2.29** Tomhas aschuir is ea OIN* ar fhorbair an Phríomh-Oifig Staidrimh é d'fhonn dul i ngleic le roinnt de na ceisteanna casta a bhaineann le cás na hÉireann mar gheilleagar domhandaithe, rud atá léirithe sa ghnáth-shainmhíniú a thugtar ar OTI. Úsáideadh an táscaire sin, nach n-úsáidtear ach in Éirinn amháin, lena mheas gurbh é 158% an cóimheas Ollfhiachais Rialtais is OIN* in 2012, agus gur thit sé go dtí 106% ag deireadh 2016. Níl aon sprioc leagtha síos don chóimheas sin.

**2.30** Tá táscairí eile ualaigh fiachais ar fáil chomh maith. I gcás dhá tháscaire – Ollfhiachas Rialtais:Ollioncam Rialtais agus Oll-ús Rialtais:Ollioncam Rialtais – bhí Éire i measc na mballstát den Aontas Eorpach arbh airde a gcóimheas. Cuireann sé sin in iúl go bhfuil an t-ualach fiachais sách ard.

### *Costas an fhiachais faoi 2020*

**2.31** Ba é €197 billiún Ollfhiachas Náisiúnta na hÉireann ag deireadh 2016, is é sin an chomhphháirt is mó d'Ollfhiachas Rialtais na hÉireann. Ba é €6.8 billiún costas an úis in 2016. Ba é 3.2% an meánchostas fónaimh ualaithe don fhiachas ag deireadh 2016. Lean an figiúr sin ag dul i laghad agus ba é 3% faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2017.

**2.32** Tá an meánchúpón ualaithe bliantúil le haghaidh luach €48 billiún de bhannaí rialtais atá le teacht in aibíocht idir 2017 agus 2020 (thart ar cheathrú den ollfhiachas náisiúnta ag deireadh 2016) beagán níos lú ná 5%. Imreoidh an meánráta úis tráth a n-athmhaoineofar na bannaí sin tionchar nach beag ar an meánchostas fónaimh ualaithe foriomlán don fhiachas. Meastar go n-imreoidh gach athrú 1% ar an meánchostas ualaithe sin tionchar €0.5 billiún ar an gcostas fónaimh don fhiachais sa bhliain agus tionchar thart ar 0.25% ar an meánchostas fónaimh ualaithe comhiomlán don ollfhiachas náisiúnta iomlán.

### *Leibhéal airgid thirim*

**2.33** Tháinig méadú suntasach ar iarmhéideanna airgid thirim an Státchiste sa chéad leath de 2017, go dtí €21.5 billiún. Tharla sé sin de bharr go ndearna GBCN eisiúint bheartaithe bannaí a thús-ualú in 2017 agus go raibh barrachas sa Státchiste don chéad sé mhí den bhliain.

## Iarscríbhinn 2A

### Fíor 2A.1 Comhdhéanamh an Ollfhiachais Rialtais ag deireadh bliana, 2011 go 2016

| | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m | €m |
| **An Rialtas Láir – Státchiste** | | | | | | |
| Ollfhiachas náisiúnta | 136,774 | 161,482 | 197,547 | 197,069 | 196,620 | 196,723 |
| Lúide dliteanais i leith comhlachtaí rialtais láir eile, údaráis áitiúla agus Boird Oideachais agus Oiliúna | (2,634) | (2,331) | (2,345) | (2,551) | (3,372) | (3,987) |
| Coigeartú le haghaidh luach ainmniúil fiachais[a] | 4 | 6 | 4 | 2 | 8 | (2) |
| Corrlach réamhíoctha an Chiste Cobhsaíochta Airgeadais Eorpaigh | 530 | 530 | 530 | 530 | 530 | – |
| Dliteanas i leith mona i gcúrsaíocht | 694 | 670 | 675 | 693 | 701 | 707 |
| Coigeartú fabhraithe[b] | 464 | 548 | 604 | 599 | 504 | 451 |
| Coigeartuithe eile[c] | 153 | 1440 | 996 | 1,042 | 809 | 542 |
| Réamh-ús ar iasachtaí náisiúnta | 12 | 12 | 5 | 49 | 24 | 29 |
| Nótaí gealltanais | 28,333 | 25,261 | 215 | 201 | – | – |
| **Ranníocaíochtaí an Státchiste** | **164,329** | **187,619** | **198,230** | **197,634** | **195,824** | **194,463** |
| **Comhlachtaí eile an Rialtais Láir** | | | | | | |
| Fiachas comhdhlúite IBRC | 20,927 | 17,797 | 12,660 | 1,237 | 735 | 698 |
| Taiscí an Chiste um Banc Taisce an Phoist | 2,506 | 2,774 | 2,646 | 2,672 | 2,765 | 2,919 |
| Comhlachtaí Stáit eile[d] | 535 | 456 | 379 | 514 | 1,212 | 1,409 |
| Ceannach amach Dhroichead Dola an Nascbhóthair Thiar | 410 | 360 | 310 | 260 | 221 | 171 |
| **Ranníocaíochtaí eile an Rialtais Láir** | **24,378** | **21,387** | **15,995** | **4,684** | **4,933** | **5,198** |
| **An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe** | | | | | | |
| Ollfhiachas | 4,414 | 4,501 | 4,423 | 4,209 | 3,615 | 3,612 |
| Lúide dliteanais i leith comhlachtaí rialtais láir agus údaráis áitiúla | (4,030) | (4,106) | (3,997) | (3,796) | (3,392) | (3,351) |
| **Ranníocaíochtaí na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe** | **384** | **394** | **427** | **413** | **224** | **261** |
| **Rialtas Áitiúil** | | | | | | |
| Ollfhiachas | 5,054 | 5,106 | 4,920 | 5,020 | 4,258 | 4,169 |
| Lúide dliteanais i leith na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe agus comhlachtaí rialtais láir eile | (4,420) | (4,492) | (4,276) | (4,424) | (3,647) | (3,495) |
| **Ranníocaíochtaí rialtais áitiúil** | **634** | **614** | **644** | **596** | **611** | **674** |
| **Iomlán[e]** | **189,725** | **210,015** | **215,296** | **203,326** | **201,592** | **200,595** |

Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh

Nótaí:
- a Luaitear an tOllfhiachas Rialtais a thuairiscítear don AE ag luachanna ainmniúla. Eisítear fiachas áirithe, amhail páipéar tráchtála, ar lascaine ar a luach ainmniúil, ach is é an luach ainmniúil a thuairiscítear chun críocha an Ollfhiachais Rialtais.
- b Ús ar Bhannaí Coigiltis, Cairteacha Coigiltis agus Tráthchoigilteas.
- c Comhaontuithe athcheannaigh, comhthaobhacht agus conarthaí Oifig na nOibreacha Poiblí.
- d Áirítear leis ospidéil dheonacha, FSS, an Ghníomhaireacht Náisiúnta Stoic Ola.
- e Ní áirítear leis seo dliteanais státchiste eile lena n-áirítear tiomantais i leith conarthaí comhpháirtíochta príobháidí poiblí a bhí i bhfeidhm ag deireadh na bliana agus teidlíochtaí pinsin carntha.
- f Tá slánú déanta ar na figiúirí.

## Iarscríbhinn 2B

**Fíor 2B.1 Táscairí fiachais stáit do bhallstáit an Aontais Eorpaigh, 2016**

| Tír | Ollfhiachas Rialtais: OTI | Ollfhiachas Rialtais: Ollioncam Rialtais | Oll-ús Rialtais: Ollioncam Rialtais | Oll-ús Rialtais: Ollfhiachas Rialtais |
|---|---|---|---|---|
| | % | % | % | % |
| An Ostair | 85 | 171 | 4.2 | 2.5 |
| An Bheilg | 106 | 209 | 5.6 | 2.7 |
| An Bhulgáir | 30 | 83 | 2.2 | 2.8 |
| An Chróit | 84 | 176 | 6.8 | 3.9 |
| An Chipir | 108 | 275 | 6.6 | 2.4 |
| Poblacht na Seice | 37 | 92 | 2.3 | 2.5 |
| An Danmhairg | 38 | 71 | 2.5 | 3.5 |
| An Eastóin | 9 | 23 | 0.2 | 0.8 |
| An Fhionlainn | 64 | 117 | 2.0 | 1.7 |
| An Fhrainc | 96 | 182 | 3.6 | 2.0 |
| An Ghearmáin | 68 | 152 | 3.1 | 2.0 |
| An Ghréig | **179** | **360** | 6.5 | 1.8 |
| An Ungáir | 74 | 163 | 7.0 | **4.4** |
| Éire | 73 | 275 | 8.5 | 3.1 |
| An Iodáil | 133 | 281 | 8.4 | 3.0 |
| An Laitvia | 40 | 110 | 3.1 | 3.0 |
| An Liotuáin | 40 | 117 | 3.9 | 3.3 |
| Lucsamburg | 20 | 47 | 0.8 | 1.7 |
| Málta | 58 | 149 | 5.6 | 3.8 |
| An Ísiltír | 62 | 141 | 2.5 | 1.7 |
| An Pholainn | 54 | 138 | 4.4 | 3.3 |
| An Phortaingéil | 130 | 303 | **9.8** | 3.3 |
| An Rómáin | 38 | 117 | 4.7 | 4.1 |
| Poblacht na Slóvaice | 52 | 130 | 4.1 | 3.2 |
| An tSlóivéin | 80 | 183 | 7.3 | 4.0 |
| An Spáinn | 99 | 263 | 7.4 | 2.9 |
| An tSualainn | 42 | 81 | 0.8 | 1.0 |
| An Ríocht Aontaithe | 89 | 218 | 6.3 | 2.7 |

Foinse: Eurostat, an Phríomh-Oifig Staidrimh

## Iarscríbhinn 2C Díorthú an OIN*

Ba iad seo a leanas baill an Ghrúpa Athbhreithnithe um Staitisticí Eacnamaíocha (GASE)[1]

- Philip Lane (Cathaoirleach) – Banc Ceannais na hÉireann
- Alan Barrett – An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta
- Seamus Coffey – Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- Thomas Conefrey – Comhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann
- John Fitzgerald – Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, an Irish Times
- John McCarthy – An Roinn Airgeadais
- Dan O'Brien – An Institiúid Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha i mBaile Átha Cliath, an Irish Independent
- Fergal O'Brien – Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC)
- Frances Ruane – Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, an Coiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach
- Marie Sherlock – SIPTU
- Rossa White – Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

Thug an Grúpa Athbhreithnithe um Staitisticí Eacnamaíocha (GASE) a chuid oibre chun críche i mí na Nollag 2016.

Is tomhais iad an Olltáirgeacht Intíre (OTI) agus an Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN) atá an-chosúil lena chéile. Tomhaistear le OTI aschur iomlán an gheilleagair i rith tréimhse áirithe, .i. luach na hoibre a rinne fostaithe, cuideachtaí agus daoine féinfhostaithe. Ní fhanann gach uile ioncam a thuilltear sa gheilleagar i bpóca na gcónaitheoirí, agus b'fhéidir go dtuilleann roinnt cónaitheoirí ioncam thar lear, leis. Is é an OTN gach ioncam a fhanann leis na daoine siúd a bhfuil cónaí orthu in Éirinn, agus is é glanmhéid na n-ioncam a sheoltar nó a fhaightear thar lear an difríocht idir é agus OTI. I gcás na hÉireann, tá an méid a tháirgtear in Éirinn ach ar le daoine thar lear é níos mó ná an méid a fhaightear ó thar lear leis na blianta. Brabúis cuideachtaí faoi úinéireacht eachtrach is cúis leis sin den chuid is mó. Tá OTN na hÉireann níos lú ná a OTI dá bhrí sin.

Is ionann an tOllioncam Náisiúnta (OIN) agus an OTN móide fóirdheontais ón AE lúide cánacha an AE.

Tugtar sainmhíniú ar Ollioncam Náisiúnta* (OIN*) mar OIN arna choigeartú do roinnt gnéithe nach bhfabhraíonn dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu sa tír.

Tá léirithe i bhFíor 2C.1 cén chaoi ar ríomh an Phríomh-Oifig Staidrimh OTN, OIN agus OIN* don tréimhse 2011-2016.

**Fíor 2C.1 Tomhais ar aschur na hÉireann, 2011 go 2016[a]**

| | 2011<br>€m | 2012<br>€m | 2013<br>€m | 2014<br>€m | 2015<br>€m | 2016<br>€m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **OTI** | **171,939** | **175,561** | **180,298** | **194,537** | **262,037** | **275,567** |
| Glan-aschur fachtóra chuig an gcuid eile den domhan | (33,788) | (33,549) | (28,309) | (29,715) | (56,048) | (48,818) |
| **OTN** | ***138,151*** | ***142,012*** | ***151,990*** | ***164,822*** | ***205,990*** | ***226,749*** |
| Fóirdheontais ón AE | 1,698 | 1,632 | 1,450 | 1,318 | 1,571 | 1,479 |
| Cánacha an AE | (240) | (242) | (247) | (275) | (327) | (486) |
| **OIN** | ***139,610*** | ***143,402*** | ***153,193*** | ***165,866*** | ***207,234*** | ***227,742*** |
| Dímheas ar iompórtálacha maoine intleachtúla T&F | (379) | (586) | (705) | (771) | (25,047) | (27,793) |
| Ioncam fachtóra cuideachtaí eachtracha | (5,548) | (7,102) | (6,477) | (6,855) | (4,666) | (5,786) |
| Dímheas ar léasú aerárthaí | (2,366) | (2,653) | (3,006) | (3,782) | (4,642) | (5,001) |
| **OIN*** | ***131,316*** | ***133,060*** | ***143,005*** | ***154,457*** | ***172,878*** | ***189,163*** |

Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh, *Torthaí Bliantúla maidir leis an Ioncam agus Caiteachas Náisiúnta, Iúil 2017*

Nóta: a Tá slánú déanta ar na figiúirí.

1 D'fhreastail Jennifer Banim agus Michael Connolly ón bPríomh-Oifig Staidrimh ar na cruinnithe chomh maith. D'fheidhmigh Michael Brennan ón bPríomh-Oifig Staidrimh mar an Rúnaí don Ghrúpa Athbhreithnithe um Staitisticí Eacnamaíocha (GASE) freisin.

## Iarscríbhinn 2D

### Fíor 2D.1 Iasachtaí carnacha ag parluachanna infhuascailte, ag deireadh bliana 2011 go 2016 agus ag deireadh mhí an Mheithimh 2017[a]

| | 2011 €m | 2012 €m | 2013 €m | 2014 €m | 2015 €m | 2016 €m | Meith 2017 €m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Fiachas meántéarma/fadtéarma[b]** | | | | | | | |
| Bannaí rialtais | 85,310 | 87,853 | 111,007 | 116,339 | 125,086 | 121,645 | 128,935 |
| Cistiúchán faoi chlár an AE/CAI[c] | 34,629 | 55,898 | 66,942 | 58,793 | 49,747 | 50,298 | 50,226 |
| Iasachtaí meán/fadtéarma eile | 673 | 772 | 772 | 927 | 1,168 | 1,698 | 1,898 |
| **Fiachas gearrthéarmach[d]** | | | | | | | |
| Fiachas gearrthéarmach | 2,920 | 2,690 | 2,645 | 4,102 | 2,347 | 3,375 | 7,241 |
| **Fiachas eile** | | | | | | | |
| Iasachtaí ó chistí Stáit eile[e] | 1,696 | 786 | 676 | 523 | 1,579 | 2,519 | 2,624 |
| Scéimeanna coigiltis Rialtais[f] | 11,546 | 13,483 | 15,506 | 16,384 | 16,692 | 17,194 | 17,252 |
| **Ollfhiachas náisiúnta** | **136,774** | **161,482** | **197,548** | **197,068** | **196,619** | **196,729** | **208,176** |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
Nótaí:
a Níl iniúchadh déanta ar na figiúirí do dheireadh mhí an Mheithimh 2017.
b Aibíochtaí tráth a n-eisiúna níos mó ná aon bhliain amháin.
c Tá tionchar idirbheart fálaithe airgeadra curtha san áireamh sna hiarmhéideanna, nuair is iomchuí.
d Aibíochtaí tráth a n-eisiúna d'aon bhliain amháin nó níos lú.
e Baineann an phríomhghné den iasacht seo leis an gCiste um Banc Taisce an Phoist.
f Aibíochtaí bunaidh suas le deich mbliana.

### Fíor 2D.2 Clár Tacaíochta Airgeadais an AE/CAI d'Éirinn, Nollaig 2016 agus deireadh mhí an Mheithimh 2017[a]

| | Nollaig 2016 | | Deireadh mhí an Mheithimh 2017 | |
|---|---|---|---|---|
| **Iasachtóir** | **€m** | **Aibíocht iarmharach (blianta)[b]** | **€m** | **Aibíocht iarmharach (blianta)[b]** |
| CAI | 4,354 | 5.0 | 4,350 | 4.5 |
| EFSF[c] | 18,411 | 16.1 | 18,411 | 15.6 |
| EFSM[d] | 22,500 | 10.1 | 22,500 | 9.6 |
| Iasachtaí déthaobhacha[e] | 5,033 | 3.3 | 4,965 | 2.8 |
| **Iomlán** | **50,298** | | **50,226** | |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
Nótaí:
a Tá tionchar idirbheart fálaithe airgeadra curtha san áireamh sna hiarmhéideanna, nuair is iomchuí.
b Meántéarma ualaithe roimh aibíocht.
c Tá léirithe i bhfigiúirí EFSF an taisce réamhíoctha €530 milliún a asbhaineadh ón íostarraingt tosaigh in 2011. I mí Iúil 2016, fuarthas íocaíocht iomlán €555 milliún ón EFSF, a chuimsigh an taisce réamhíoctha €530 milliún agus toradh carnach infheistíochta €70 milliún, lúide €45 milliún a bhí dlite do na Ballstáit Ráthóra.
d Tá síntí aibíochta i leith na n-iasachtaí EFSM a aontaíodh in 2013 léirithe i bhFíor 2D.2, agus cinnfear dátaí aibíochta athbhreithnithe eile de réir mar a thiocfaidh iasachtaí eile EFSM gar dá ndátaí aibíochta bunaidh. Ní mheastar go mbeidh ar Éirinn aon cheann de na hiasachtaí sin a athmhaoiniú roimh 2027.
e Rinneadh na hiasachtaí déthaobhacha leis an Ríocht Aontaithe, an Danmhairg agus an tSualainn.

**Fíor 2D.3 Próifíl aibíochta na mbannaí rialtais ag deireadh bliana 2011 go 2016 agus ag deireadh mhí an Mheithimh 2017[a]**

| | Faoi 5 bliana €m | 5 go 10 mbliana €m | Os cionn 10 mbliana €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|
| 2011 | 33,670 | 43,356 | 8,284 | **85,310** |
| 2012 | 30,548 | 44,733 | 12,572 | **87,853** |
| 2013 | 32,490 | 40,656 | 37,861 | **111,007** |
| 2014 | 40,659 | 34,653 | 41,027 | **116,339** |
| 2015 | 58,314 | 30,450 | 36,322 | **125,086** |
| 2016 | 49,070 | 37,611 | 34,964 | **121,645** |
| Deireadh mhí an Mheithimh 2017[b] | 48,221 | 42,266 | 38,448 | **128,935** |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí: a Níl iniúchadh déanta ar na figiúirí do dheireadh mhí an Mheithimh 2017.

b Tagraíonn aibíocht don staid ag deireadh na bliana féilire.

**Fíor 2D.4 Próifíl aibíochta an fhiachais ghearrthéarmaigh, ag deireadh bliana 2011 go 2016 agus ag deireadh mhí an Mheithimh 2017[a]**

| | Faoi bhun aon mhíosa amháin €m | Idir aon mhí amháin agus trí mhí €m | Idir trí mhí agus sé mhí €m | Os cionn sé mhí €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|---|
| 2011 | 2,796 | 106 | 18 | – | **2,920** |
| 2012 | 1,147 | 1,417 | 93 | 33 | **2,690** |
| 2013 | 445 | 747 | 1,428 | 25 | **2,645** |
| 2014 | 1,114 | 1,554 | 1,074 | 360 | **4,102** |
| 2015 | 1,300 | 429 | 134 | 484 | **2,347** |
| 2016 | 1,414 | 652 | 276 | 1,033 | **3,375** |
| Deireadh mhí an Mheithimh 2017 | 3,420 | 1,558 | 710 | 1,553 | **7,241** |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a Níl iniúchadh déanta ar na figiúirí do dheireadh mhí an Mheithimh 2017.

**Fíor 2D.5 Ollfhiachas Rialtais in aghaidh Ollioncam Rialtais**

| | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| Ollfhiachas Rialtais | 189,725 | 210,015 | 215,296 | 203,326 | 201,592 | 200,595 |
| Ollioncam Rialtais | 57,733 | 59,493 | 61,496 | 65,940 | 70,624 | 72,566 |
| | **329%** | **353%** | **350%** | **308%** | **286%** | **276%** |

Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh, *Tuairisceáin Ráithiúla Staitisticí Airgeadais an Rialtais, an 19 Iúil 2017*

**Fíor 2D.6 Oll-ús Rialtais in aghaidh Ollioncam Rialtais**

| | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| Oll-ús Rialtais | 5,768 | 7,298 | 7,774 | 7,608 | 6,863 | 6,201 |
| Ollioncam Rialtais | 57,733 | 59,493 | 61,496 | 65,940 | 70,624 | 72,566 |
| | **9.99%** | **12.3%** | **12.6%** | **11.5%** | **9.7%** | **8.5%** |

Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh, *Tuairisceáin Ráithiúla Staitisticí Airgeadais an Rialtais*, an 19 Iúil 2017